**RABHADH**

**Ná déan dearmad an páipéar seo a chur ar ais le do fhreagarleabhar.**

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2011**

## STAIR – GNÁTHLEIBHÉAL

**(180 MARC)**

**DÉ CÉADAOIN, 15 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA, 2.00 – 3.30**

**STAMPA AN IONAID**

**SCRÚDUIMHIR**

**FREAGAIR GACH CEIST 1, 2, 3 AGUS 4.**

**FREAGAIR 1, 2 AGUS 3 SNA SPÁSANNA ATÁ ANN CHUIGE SIN AR AN SCRÚDPHÁIPÉAR.**

**FREAGAIR CEIST 4 I DO FHREAGARLEABHAR.**

**CUIR AN PÁIPÉAR SEO ISTEACH LE DO FHREAGARLEABHAR, LE DO THOIL**

**[Thall**

| **1.** | **PICTIÚIR** (35 marc) |
|---|---|

Déan staidéar ar na pictiúir, **A, B agus C**, a ghabhann leis an bpáipéar seo agus ansin freagair na ceisteanna seo a leanas:

*(a)* **PICTIÚR A**

*Taispeántar bású an Rí Louis XVI sa Fhrainc i* ***bpictiúr A****.*

(i) Déan cur síos ar a bhfuil ag tarlú ar an láthair.

………………………………………………………………………………………..

……………………………………………………………………………………… (3)

(ii) Cén fáth a bhfuil saighdiúirí i láthair ag an mbású dar leat?

………………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………… (4)

(iii) Ón staidéar atá déanta agat ar *Thréimhse na Réabhlóidí* tabhair fáth **amháin** ar éirigh daoine i Meiriceá **nó** sa Fhrainc **nó** in Éirinn amach i gcoinne na rialtas a bhí acu. Bí cinnte go n-ainmníonn tú an tír.

*Meiriceá* ☐ *An Fhrainc* ☐ *Éire* ☐

…………………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………… (4)

*(b)* **PICTIÚR B**

*I* ***bPictiúr B*** *taispeántar gabháil ceannaire reibiliúnach Éireannach i mBaile Átha Cliath i 1798.*

(i) Cén fáth a bhfuil an bheirt fhear i ngreim i gcosa an reibiliúnaigh?

…………………………………………………………………………………………

…………………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………. (3)

(ii) Conas atá an ceannaire reibiliúnach ag iarraidh a ghabháil a sheachaint?

............……………………………………………………………………………

…………………………………………………………………………………………

…..…………………………………………………………………………………… (4)

(iii) Ainmnigh ceannaire réabhlóideach **amháin** ó *Thréimhse na Réabhlóidí* agus an tír arbh as é.

Ceannaire: …………………………………………………………………………

Tír: ………………………………..…………………………………………………… (4)

*(c)* **PICTIÚR C**

*I **bPictiúr C** taispeántar póstaer póilíní ó Chogadh na Saoirse (1919-1921) ag cuardach eolais faoi bhall den I.R.A. i dTiobraid Árann.*

(i) Cén choir a cuireadh i leith an fhir seo?

……………………………………………………………………………………………………

…………………………………………………………………………………………… (2)

(ii) Cén teideal ar bhain an fear a rabhthas sa tóir air úsáid as chun cur síos a dhéanamh air féin?

……………………………………………………………………………………………………

…………………………………………………………………………………………… (3)

(iii) Tabhair **dhá** phíosa eolais faoin bhfear seo a chuideodh le duine é a aithint.

……………………………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………………………

…………………………………………………………………………………………… (4)

(iv) Níor rug na póilíní riamh ar an bhfear a rabhthas sa tóir air. Tabhair **dhá** chúis leis seo dar leat féin.

……………………………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………………………

…………………………………………………………………………………………… (4)

**2. DOICIMÉID**
(35 marc)

Déan staidéar ar an **dá** dhoiciméad, **1** agus **2** a ghabhann leis an bpáipéar seo agus ansin freagair na ceisteanna seo a leanas:

*(a)* **Doiciméad 1**

*Sliocht as foirm dhaonáirimh theaghlach de Búrca as Eachroim, Co. na Gaillimhe, i 1911.*

(i) Cá mhéad níos sine a bhí an t-athair ná an mháthair?

………………………………………………………………………………………… (2)

(ii) Cá mhéad páiste a bhí ina gcónaí sa bhaile?

………………………………………………………………………………………… (2)

(iii) Cén duine ab óige sa chlann?

………………………………………………………………………………………… (2)

(iv) Seachas aois, tabhair **dhá** dhifríocht idir na páistí agus a dtuismitheoirí.

…………………………………………………………………………………………

………………………………………………………………………………………… (3)

(v) Déanann an rialtas daonáireamh gach cúig nó deich mbliana. Tabhair fáth **amháin** a mbeadh suim ag an rialtas san eolas i ndaonáireamh.

…………………………………………………………………………………………

…………………………………………………………………………………………

………………………………………………………………………………………… (4)

(vi) Foinse phríomha is ea daonáireamh. Tabhair **dhá** shampla eile d'fhoinsí príomha.

…………………………………………………………………………………………

…………………………………………………………………………………………

………………………………………………………………………………………… (4)

*(b)* **Doiciméad 2**

*Cuntas a thug Tomás Malone ar eachtra a tharla i gContae Luimnigh le linn Chogadh na Saoirse (1919-1921).*

(i) Cén t-ainm a bhí ar an oifigeach Briotanach?

........................................................................................................................... (2)

(ii) Cad a bhí á dhéanamh ag Malone agus ag an oifigeach Briotanach nuair a chonaic siad a chéile?

........................................................................................................................... (2)

(iii) Cad a rinne siad nuair a chonaic siad a chéile?

...........................................................................................................................

........................................................................................................................... (3)

(iv) Cé acu den bheirt fhear a chaill a mhisneach ar dtús?

...........................................................................................................................

........................................................................................................................... (3)

(v) Mínigh cén fáth a bhféadfadh an t-eolas i bhfoinsí staire a bheith mícheart uaireanta.

...........................................................................................................................

...........................................................................................................................

........................................................................................................................... (4)

(vi) Ainmnigh ceannaire polaitiúil in Éirinn (1922-1985) **agus** fíric thábhachtach faoina shaol/ saol.

**NÓ**

Ainmnigh athrú **amháin** a tharla i gcaitheamh aimsire san fhichiú haois in Éirinn.

...........................................................................................................................

...........................................................................................................................

........................................................................................................................... (4)

**3. CEISTEANNA GEARRFHREAGRA**
(60 marc)

Freagair **DEICH** gcinn de na ceisteanna seo a leanas. Is fiú 6 mharc an ceann iad.

(i) Mínigh an chiall atá leis na túslitreacha **R.Ch**. sa bhliain 67 R.Ch.

.................................................................................................................................... (6)

(ii) Cuir tic le ceann **amháin** de na téarmaí seo a leanas agus mínigh an téarma a roghnaigh tú:

*claontacht* ☐ *bolscaireacht* ☐ *músaem* ☐

....................................................................................................................................

.................................................................................................................................... (6)

(iii) Ba dhaoine ón gClochaois iad na chéad Éireannaigh. Cén fáth ar tugadh an t-ainm sin orthu?

.................................................................................................................................... (6)

(iv) Ainmnigh sibhialtacht ársa **amháin** <u>taobh amuigh d'Éirinn</u> a ndearna tú staidéar uirthi. Scríobh síos fíric **amháin** faoi thithíocht **nó** faoi nósanna adhlactha ón tsibhialtacht sin.

Sibhialtacht: ....................................................................................................

Fíric:....................................................................................................................

.................................................................................................................................... (6)

(v) Ainmnigh saothar ealaíne **amháin** a rinne manaigh sa Luath-Chríostaíocht in Éirinn.

.................................................................................................................................... (6)

(vi) Le linn na Meánaoiseanna cad ba chiall le cuirfiú?

.................................................................................................................................... (6)

(vii) Le linn na Meánaoiseanna cad ba chiall le gild?

....................................................................................................................................

.................................................................................................................................... (6)

(viii) Le linn na hAthbheochana cad ba chiall le pátrún?

....................................................................................................................................

.................................................................................................................................... (6)

(ix) Ainmnigh péintéir **amháin** ón Athbheochan agus luaigh ceann **amháin** de shaothair an phéintéara sin.

Péintéir:................................................................................................................

Pictiúr:................................................................................................................ (6)

(x) Ainmnigh scríbhneoir **amháin** ón Athbheochan agus **ceann** de shaothair an scríbhneora sin.

Scríbhneoir: .........................................................................................................

Saothar: ............................................................................................................ (6)

(xi) Ainmnigh limistéar **amháin** in Éirinn inar tharla plandáil agus an rialtóir a chuir i gcrích í.

Plandáil: ……………………………………………………………………………………..........

Rialtóir: ..............................................................................................……………………............ (6)

(xii) Cén fáth ar tharla na plandálacha?

..........................................................................................................................................................

………………………………………………………………………..............................................(6)

(xiii) Cén tionchar a bhí ag na plandálacha ar Éirinn?

...............................................................................................……………………………..........

..........……………………………………………………………………………………………… (6)

(xiv) Luaigh athrú **amháin** i gcúrsaí feirmeoireachta a tharla mar thoradh ar an Réabhlóid Talmhaíochta.

..........……………………………………………………………………………………………. (6)

(xv) Cén fáth a raibh tábhacht ag baint leis an gcumhacht gaile do leas na Breataine agus í ag dul tríd an Réabhlóid Thionsclaíoch?

……………………………………………………………………………………………………..

…………………………………………………………………………………………………… (6)

(xvi) Cén fáth a raibh an oiread sin faitíos ar mhuintir na hÉireann roimh chónaí i dTeach na mBocht?

……………………………………………………………………………………………………..

....................................................................................................................................................... (6)

(xvii) Cuir tic le ceann **amháin** de na téarmaí seo a leanas agus mínigh an téarma a roghnaigh tú:

*an dubh* ☐ *long báis* ☐ *teach súip* ☐

……………………………………………………………………………………………………

…………………………………………………………………………………………………… (6)

(xviii) Ainmnigh duine tábhachtach **amháin** le linn Éirí Amach na Cásca 1916 **NÓ** athrú mór a tharla i gcúrsaí tithíochta san fhichiú haois in Éirinn.

……………………………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………………………… (6)

(xix) Luaigh athrú mór **amháin** a tharla i saol na mban in Éirinn san fhichiú haois.

…………………………………………………………………………………………………….

……………………………………………………………………………………………………… (6)

(xx) Cuir tic le ceann **amháin** de na téarmaí seo a leanas agus mínigh an téarma a roghnaigh tú:

*deachtóir* ☐ *cogadh cathartha* ☐ *daonlathas* ☐

……………………………………………………………………………………………………

…………………………………………………………………………………………………… (6)

FREAGAIR AN CHEIST SEO A LEANAS i bhFREAGARLEABHAR AR LEITH

**4. PEARSANA SA STAIR**
(50 marc)

**Freagair A agus B**

**A.** Roghnaigh duine **amháin** de na daoine a ndéantar cur síos orthu thíos. Scríobh mar gheall ar an duine sin. Más mian leat, is féidir leat na leideanna a úsáid chun cabhrú leat i do fhreagra. Scríobh an teideal a roghnaíonn tú ag barr do chuntais.

(i) **Seandálaí i mbun oibre**
LEIDEANNA:
* Ag roghnú láithreach
* Na deacrachtaí ar an láthair thochailte
* Na huirlisí a úsáideadh
* Dátaí a chur leis na déantáin

(25)

(ii) **Ridire i gCaisleán Meánaoiseach**
LEIDEANNA:
* Traenáil
* Airm agus cogaíocht
* Conas a bheith i do ridire
* Rialacha

(25)

(iii) **Taiscéalaí a ainmníonn tú ó Ré na Taiscéalaíochta**
LEIDEANNA:
* Luathshaol
* Tuairimí
* Deacrachtaí
* Tionchar an turais

(25)

**B.** Roghnaigh duine **amháin** de na daoine a ndéantar cur síos orthu thíos. Scríobh mar gheall ar an duine sin. Más mian leat, is féidir leat na leideanna a úsáid chun cabhrú leat i do fhreagra. Scríobh an teideal a roghnaíonn tú ag barr do chuntais.

(i) **Leasaitheoir creidimh ón Reifirméisean**
LEIDEANNA:
* Luathshaol
* Deacrachtaí
* Tuairimí
* Scaipeadh an reiligiúin

(25)

(ii) **Oibrí i gcathair i Sasana in 1850**
LEIDEANNA:
* An saol oibre
* An saol sa chathair
* Siamsaíocht
* Iarrachtaí chun caighdeáin mhaireachtála a fheabhsú

(25)

(iii) **Saighdiúir ag troid sa Dara Cogadh Domhanda**
LEIDEANNA:
* Ainm an cheannaire a bhí i gceannas ar a thír
* An troid féin
* Ceannairí tíortha eile
* Na cúiseanna le bua nó briseadh

(25)

**NÓ**

**Duine a mhair trí cheann de na tréimhsí stairiúla a leanas:**
- *Teacht i dtreis na nOllchumhachtaí (An Cogadh Fuar), 1945-1992*
- *Gluaiseachtaí i dtreo an Aontais Eorpaigh, 1945-1992*
- *Náisiúnachas san Afraic nó san Áise, 1945-1992*

LEIDEANNA:
* Ainm an cheannaire agus na tíre
* Imeachtaí na tréimhse
* Ag maireachtáil trí na himeachtaí
* Toradh a bhí ar na himeachtaí

(25)